Published by Brian Sheehan/Grainne Healy, 34 Clarendon Street, Dublin 2.
Printed by Brunswick Press Limited, Unit B2 Bluebell Industrial Estate Dublin 12



"Tá mise ag Vótáil TÁ do chearta pósta d'achan saoránach agus teaghlach sa tír, anois agus don chéad ghlúin eile. Ba mhaith liom comhionannas sa phobal ina mhairfidh m'iníon agus í ag fás"

Siobhán Nic Gaoithín, Máthair ón Ghaeltacht ag tacú le Comhionnanas Pósta Sibhialta

Vótáil TÁ don Chomhionannas Pósta ar an 22 Bealtaine

Is bunús daingean é an pósadh ar a mbíonn rath ag an tsochaí. Ar an 22 Bealtaine, iarrtar ar phobal na hÉireann **saoirse chun pósta a roinnt** trí vótáil Tá sa Reifreann ar Chomhionannas Pósta.

Is vótáil í seo faoi fhíordhaoine agus faoi fhíorchlanna, daoine a bhfuil aithne againn orthu; ár mbaill teaghlaigh, ár gcairde, ár gcomharsana agus ár gcomhghleacaithe.

Is daoine neamhchlaonta, fáiltiúla agus muiníneacha iad muintir na hÉireann. **Deimhneoidh vótáil Tá go gcosnóidh ár mBunreacht gach duine inár dteaghlaigh.**

Ní thógfaidh vótáil Tá rud ar bith ó aon duine. Ní ghoillfidh sé ar aon phósadh eile nó ar aon chlann eile má ligtear do lánúineacha leispiacha agus aeracha pósadh.

Cé gur thug an pháirtnéireacht shibhialta aitheantas, a bhí go mór ag teastáil, do lánúineacha leispiacha agus aeracha, ní comhionannas iomlán bunreachtúil é. **Tugann cleachtas ar leith le stádas níos ísle le fios go soiléir nach bhfuil an meas céanna ar dhaoine leispiacha agus aeracha.**

Is le **pósadh sibhialta** i gclárlann a bhaineann an reifreann seo. Ní féidir brú a chur ar aon eaglais daoine a phósadh in aghaidh a mianta.

Neartaíonn vótáil Tá an pósadh, cosnaíonn sé gach duine i dteaghlaigh gach duine againn. **Is vóta ar son luachanna teaghlaigh é vóta Tá.**

Is feachtas náisiúnta é YesEquality atá ag obair chun vóta 'tá' a bhaint amach sa Reifreann ar Chomhionannas Pósta atá le teacht. Féach www.yesequality.ie nó glaoigh ar (01) 7030412 chun níos mó eolais a fháil agus chun seasamh linn, síntiús a thabhairt nó le bheith mar oibrí deonach don fheachtas.